# Trí Dhán
## Tadhg Ó Dúshláine

### Caorthann Cathrach

A Chaorthainn chathraigh,
Le do chosa coincréite
Ba chóra duitse
bheith ar mhaoileann sléibhe
Nó i ndoire ded chomhleacaithe.

A chrann na Féinne,
ní maith liom mar seo thú,
Faoi chuibhreach na rialtacha,
Sáinnithe i bhfaiche tarra
i bPáirc an Easpag Ó Luasa,
Nuair ba chóra duit bheith
ag treabhadh na mbánta.

Ar an bhforadh fiar faoi do scáil,
Tá an buidéal i gcuibhreann eadrainn,
Ag bogadh fiannaíochta is amhrán,
Faoi mar a chothaigh do chaora an Fhiann.

Tá piardaí móra an Bhardais
Ag bóisceáil as a ngaisce caomhnaithe.
Ach a chrann mo chroíse, a chara mo chléibhe,
Féach go ndearnadar cimí dínn araon.

### Cnoc Bhréanainn

Luan néalta ar bhaithis Bhréanainn inniu,
Túis cheochráin ar a ucht.
Mise mé féin ar teitheadh i gceo draíochta
Ó fhuirse leamh laethúil an chur i gcéill.

In airde ar an stacán cloiche seo
Tháinig an díthreabhach air féin.
Chuaigh go grinneall anama
I gcrosfhighil fhuar gheimhridh.

Carraig is ea carraig anseo,
Fraoch is ea fraoch.
Gan dúil ina cáilíocht dhílis féin,
Ancaire aiceanta mo shaoil.

Anseo inniu is ea a thuigeas:
An duine a théann ar strae,
Go dtagann ar a aithríonacha,
I dtearmann an tsléibhe

### Tadhg an Dá Thaobh

Bíonn siad do mo cháineadh, a Thaidhg,
Mar go nochtaim rún do chroíse ar phár.
Ná tóg aon cheann dóibh.
Don diabhal leo.
Ní hé do ghuthsa ach mo ghuthsa
a chloistear inár ndánta:

Tusa an fear poiblí, mise rún do chroí,
Is tá an duibheagán eadrainn.

Tusa Tadhg meata idir dhá chomhairle,
Mise frídín beo na fírinne.

Tusa mil an phlámáis,
Mise seirbhe is seisce an chroí chráite.

Tusa an scoláire gan bun cleite isteach
ná barr cleite amach,
Mise an sclábhaí ná feadar an bhfuil sé
ag teacht nó ag imeacht.

Tusa pointáilte néata,
Mise fós thiar sna 60í scaipthe.

Tusa faoi chuing is faoi cheangal na clainne,
Mise ag imeacht le haer an tsaoil ar nós fir bhuile.

Cosa fútsa ó ghradam do mhuintire,
Gan ionamsa ach fás aon oíche.

Tusa rogha na n-uasal,
Mise rogha na ndaoine.

Is tabharfad, dá bhrí sin, do dhúshlán.
Óir tá fuadar faoin daoscarslua,
Is táthar chugat
Ag éileamh a gcearta,
Is tóirsí a seacht suáilcí
Ag cur tineghlanadh i dtóin do sheacht bpeacaí.
Is táimse ina lár istigh,
An claíomh solais im láimh,
Go ndéanfar dínn aon chorp
is aon spiorad amháin, a Thaidhg.

